C/2026/1943

25.3.2026

Fógra ó Rialtas Mhálta i ndáil le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón

(C/2026/1943)

De bhun an Fhógra ó Rialtas Mhálta maidir leis an Treoir thuasluaite a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 27 Aibreán 2023 (2023/C 145/10), tugann Roinn na Scairbhe Ilchríochaí laistigh den Aireacht Airgeadais fógra leis seo go bhfuil Limistéir 2 agus 7 ar fáil anois lena n-údarú ar bhonn buan faoi cheadúnas taiscéalaíochta nó faoi cheadúnas taiscéalaíochta agus táirgthe.

De bhun Fhógraí 2013/C 127/04, 2014/C 99/4, 2015/C 97/05, 2019/C 258/05 agus 2022/C 428/04, tá na limistéir agus na bloic seo a leanas fós oscailte lena n-údarú ar bhonn buan faoi cheadúnas taiscéalaíochta nó faoi cheadúnas taiscéalaíochta agus táirgthe:

(i) Limistéar 1

(ii) Limistéar 3 (Bloic 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7 agus 8)

(iii) Limistéar 4 (Bloic 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7)

(iv) Limistéar 5 agus

(v) Limistéar 6.

Déanfar iarratais i gcomhréir leis an Sceideal faoi Rialachán 6 de na Rialacháin um Peitriliam (Táirgeadh) S.L. 156.01. Beidh feidhm ag na táillí seo a leanas:

— Íocfar táille iarratais deich míle euro (EUR 10 000) ar cheadúnas taiscéalaíochta.

— Íocfar táille iarratais fiche míle euro (EUR 20 000) ar cheadúnas taiscéalaíochta agus táirgthe.

Is féidir faisnéis maidir leis an bhfógra seo, mar aon le faisnéis maidir le comhordanáidí geografacha na limistéar agus na mbloc, a fháil trí theagmháil a dhéanamh le hArd-Stiúrthóir Roinn na Scairbhe Ilchríochaí ag Bloc E, Antonio Maurizio Valperga Street, Floriana, FRN 1700, Málta ag dgcs.csmalta@gov.mt agus ag continentalshelf.gov.mt.